**Iarscríbhinn I**

**Conclúidí agus forais eolaíocha le haghaidh athrú ar théarmaí an Údaraithe/na nÚdaruithe Margaíochta**

## Conclúidí eolaíocha

Agus Tuarascáil Mheasúnaithe an Choiste Cógas-Aireachais um Measúnú Rioscaí (an Coiste) maidir le Tuarascáil Thréimhsiúil/Tuarascálacha Tréimhsiúla chun Dáta maidir le Sábháilteacht le haghaidh cioglaspóirín (úsáid chórasach) á (g)cur san áireamh, is iad seo a leanas na conclúidí eolaíocha:

I bhfianaise na sonraí ar lagú éisteachta atá ar fáil ón litríocht, ó thuarascálacha spontáineacha, lena n-áirítear i gcásanna áirithe dídhúshlán dearfach agus i bhfianaise meicníocht ghníomhaíochta inchreidte, measann an Coiste go luíonn sé le réasún go bhféadfadh gaolmhaireacht chúise idir **ardleibhéal cioglaspóirín agus lagú éisteachta** a bheith ina dhóchúlacht réasúnta.

Ba é conclúid an Choiste gur cheart an fhaisnéis faoi tháirgí a bhfuil cioglaspóirín iontu a leasú dá réir.

Comhaontaíonn CMDh leis na conclúidí eolaíocha atá déanta ag an gCoiste.

## Forais le haghaidh athrú ar théarmaí an Údaraithe Margaíochta/na nÚdaruithe Margaíochta

Ar bhonn na gconclúidí eolaíocha maidir le cioglaspóirín (úsáid chórasach) tá CMDh den tuairim go bhfuil an chothromaíocht sochair-riosca i gcás na dtáirgí íocshláinte a bhfuil cioglaspóirín iontu (úsáid chórasach) gan athrú faoi réir na n-athruithe atá beartaithe ar an bhfaisnéis táirge.

Tagann CMDh ar an seasamh gur cheart údarú/údaruithe margaíochta na dtáirgí atá i raon feidhme mheasúnú na Tuarascála Tréimhsiúla seo chun Dáta maidir le Sábháilteacht a éagsúlú. Sa mhéid go bhfuil táirgí íocshláinte breise ina bhfuil cioglaspóirín (úsáid chórasach) údaraithe san Aontas Eorpach faoi láthair nó go mbeidh siad faoi réir gnásanna údarúcháin san Aontas amach anseo, molann CMDh go dtabharfadh na Ballstáit lena mbaineann agus sealbhóirí/iarrthóirí ar údarú margaíochta aird chuí ar an seasamh seo de chuid CMDh.

**Iarscríbhinn II**

**Leasuithe ar fhaisnéis táirge an táirge íocshláinte/na dtáirgí íocshláinte atá údaraithe go náisiúnta**

**Leasuithe le cur san áireamh sna hailt ábhartha den Fhaisnéis Táirge** (téacs nua **<u>líne faoi agus cló trom air</u>**, an téacs scriosta ~~stríoc tríd~~)

**Achoimre ar Shaintréithe Táirge**

- Roinn 4.8

Ba cheart "***<u>lagú éisteachta</u>***" a chur leis faoi Ranguithe na nOrgán Córais "Neamhoird cluaise agus lúbra" le minicíocht "ní fios", agus an téacs seo a leanas a chur mar fhonóta le tábla na bhfrithghníomhartha díobhálacha: "***<u>Tuairiscíodh lagú éisteachta sa chéim iarmhargaíochta in othair a bhfuil ardleibhéil cioglospóirín iontu</u>***".

**Bileog Phacáiste**

- Alt 4, faoin bhfotheideal "Ní fios: ní féidir an mhinicíocht a mheas ón na sonraí atá ar fáil."

[...]
***<u>Lagú éisteachta</u>***

**Iarscríbhinn III**

**Tráthchlár chun an seasamh seo a chur chun feidhme**

**Tráthchlár chun an seasamh seo a chur chun feidhme**

| | |
|---|---|
| Glacadh le seasamh CMDh: | Cruinniú de chuid CMDh Mheán Fómhair 2022 |
| Tarchur aistriúchán na n-iarscríbhinní a ghabhann leis an seasamh chuig Údaráis Náisiúnta Inniúla: | 31 Deireadh Fómhair 2022 |
| Cur chun feidhme an tseasaimh ag na Ballstáit (an t-athrú á chur isteach ag Sealbhóir an Údaraithe Margaíochta): | 29 Nollaig 2022 |